

❖ An Lúibín ❖

20 Meán Fómhair 2014

Deireadh le *Beo*, saol eile ag *Nós* agus tús le *Tuairisc.ie*

Ní fhoilseofar eagrán eile den iris idirlín *Beo!* (www.beo.ie). Liam Ó Cuinneagáin, fiontraí mór na Gaeilge, a chuir ar bun í agus é mórtasach anois as an oiread sin léitheoirí a bheith aici ar fud an domhain. Cuireadh 166 eagrán amach ó Mhí na Bealtaine, 2001. Bhí iriseoirí ábalta ag scríobh ailt di (agus Astrálach – Bearnaí Ó Doibhlin – ina measc), agus baineadh tairbhe as obair an dearthóra Michal Boleslav Měchura, Seiceach a bhfuil Gaeilge ar a thoil aige (féach thíos). Dúirt Liam: ‘Nuair a tháinig *Beo!* ar an saol ba bheag iris ar líne a bhí le fáil i mórtheangacha féin an domhain – gan trácht ar theangacha neamhfhorleathana’.¹

Is mó an rath a bhí ar iris idirlín eile, *Nós*. Ise a bhuaigh comórtas a chuir Foras na Gaeilge ar bun le haghaidh iris nua stílbheatha. Iris don óige ba ea *Nós* agus b’iris ar leith í – foilseachán beoga spreagúil a bhí ag plé le cúrsaí reatha, polaitíochta, ealaíne agus imeachtaí thar lear, gan trácht ar léirmheasanna agus ar thuairimíocht.

Seolfar *Tuairisc.ie* (www.tuairisc.ie), nuachtán nua ar líne, i dtús Mhí Dheireadh Fómhair agus an t-iriseoir eolgaiseach Seán Tadhg Ó Gairbhí ina eagarthóir air. Ní bheidh leagan clóite d’aon saghas ann, seift a sheachnaíonn na ndeacrachtaí dáileacháin a bhí riamh ag nuachtáin Ghaeilge eile. Deirtear go ndéanfar freastal ar léitheoirí thar lear. I mBearna (cuid den iarsma atá fágtha de Ghaeltacht Chonamara) a bheidh *Tuairisc.ie* lonnaithe agus é de bhuntáiste ag an gceantar go bhfuil seirbhís leathanbhanda ar ardluas ann.



Nuacht i nGaeilge ó RTÉ

Tá seirbhís nuachta ar líne i nGaeilge ar fáil anois ó RTÉ. Nuacht náisiúnta, idirnáisiúnta agus réigiúnach atá i gceist, agus tagann sí ó Nuacht RTÉ i mBaile na hAbhann i gConamara. Tá iriseoirí ó Raidió na Gaeltachta páirteach sa ghnó.

Tá nuacht i nGaeilge ar fáil anois ó shuíomh nuachta RTÉ agus ón aip *News Now*. Dúirt stiúrthóir RTÉ gur éirigh leo an tseirbhís nua a sholáthar de bharr ‘athroinnt acmhainní’.



Seiceach le Gaeilge

Ní mór an t-ábhar iontais daoine de shliocht Éireannach a bheith ag saothrú na Gaeilge. Is díol mór spéise iad Gaeilgeoirí de shliocht eile, agus tá an Seiceach Michal Boleslav Měchura ine measc. Ríomhchláraitheoir é: déanann sé foclóirí leictreonacha a chruthú, suíomhanna ilteangacha a dhearadh agus bogearraí a fhorbairt. Bhí lámh aige i ndéanamh Focal.ie, Logainm.ie, Ainm.ie, Duchas.ie agus a lán tionscadal eile. Ní léir cén fáth ar thit sé i ngrá leis an nGaeilge (má thit) ach níl eagla air roimh theangacha nua. Ní mór é a mholadh as a ndearna a leithéidí as an Gaeilge a chur in oiriúint don saol digiteach – saol idirnáisiúnta.

Tá dhá shuíomh ag Michal féin ar fiú súil a thabhairt orthu:

¹ Pól Ó Muirí, ‘Deireadh leis an iris idirlín, *Beo!* – ‘uair na sceanartála’, *Irish Times*, 3 Meán Fómhair 2014: <http://www.irishtimes.com/culture/tribh/deireadh-leis-an-iris-idir%C3%ADn-beo-uair-na-sceanart%C3%A1la-1.1915420>

* <http://www.cainteoir.com/>

* <http://multikulti.wordpress.com/>



Séimhiú agus urú: ann agus as

Bhí comhdháil ar siúl i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath anuraidh: *Linguistics of the Gaelic Languages* (Aibreán 2013).² Ar na páipéir a léadh bhí staidéar a rinne Colm Mag Uiginn ó Ollscoil na Bainríona i mBéal Feirste ar shéimhiú agus urú sa chaint. Fuair sé amach go bhfuil míchothroime iontach ag baint leo, rud nach bhfaighfeá sna gráiméir. Tá difríochtaí móra idir canúintí, agus uaireanta ligtear séimhiú nó urú ar lár laistigh de chanúint féin nuair a bheadh súil agat lena mhalairt.

Bhailigh sé staitisticí i nGaeltacht Dhún na nGall agus i measc Gaeilgeoirí líofa i mBéal Feirste. Is mó go mór a fhágann na Gaeilgeoirí séimhiú nó urú ar lár, ach déanann cainteoirí dúchais é freisin, chomh minic le 40% den am.

Dealraíonn sé gurb í an dóchúlacht (seachas rialacha dochta) is mó a théann i bhfeidhm ar úsáid an tséimhithe agus an uraithe. B'fhéidir gur cinneadh fánach atá i gceist, ach déarfadh mórán teoiricithe nach bhfuil nósanna cainte fánach ar chor ar bith agus go gcaithfear go bhfuil cúis leo. B'fhéidir gur athruithe teanga atá i gceist nó go bhfuil baint ag an tséimeantaic leis an scéal. Tá sonraí na hathraitheachta againn, fiú mura bhfuil na cúiseanna aimsithe.



An Albain , an Ghàidhlig agus nádúr an neamhspleáchais

Tá an reifreann thart agus baint ag Albain fós leis an Ríocht Aontaithe. Tíocfaidh lá eile gan amhras, ach idir an dá linn déanfar athruithe riaracháin ar mhaithe le hAlbain, agus tá tábhacht i gcónaí le comharthaí náisiúnta. Orthu sin tá an Ghàidhlig, teanga nach bhfuil á labhairt anois ach ag timpeall 60,000 cainteoir ach atá á cur chun cinn le tamall anuas ag an rialtas (féach Bòrd na Gàidhlig, a bunaíodh sa bhliain 2005). Chuirfeadh scéal na Gàidhlig cás na Gaeilge i gcuimhne duit: teanga mionlaigh bhig a bhfuil ualach na féiniúlachta uirthi toisc nach baint aici le haon tír eile. Tá sé áitithe, dála an sceil, gur mó an líon cainteoirí Urdúise agus Puinseáibise san Albain ná an líon cainteoirí Gàidhlig agus go bhfuil cuma fhíor-Albannach ag teacht ar na teangacha eile úd. Ach tá an aicme pholaitiúil deimhin de nach teangacha náisiúnta iad.³

Is é an Scottish Nationalist Party (SNP) páirti mór an neamhspleáchais, agus is fada an ghluaiseacht úd roinnte idir dream na céime tomhaiste agus dream arbh fhearr leo a gcuspóir a bhaint amach ar an bpointe. Ach mar a deir tráchtairí áirithe, ní hé gur réabadh géar a bheadh i gceist. Cuireadh an déabhlóid ar bun sa bhliain 1999, a bhuíochas sin ar Phairtí an Lucht Oibre, agus bhí neamhspleáchas éigin ag na hAlbannaigh fiú ó Acht na hAontachta (1707) amach. Bhí an Eaglais Phreisbitéireach i réim agus í á rialú de réir thoil an phobail, bhí scoileanna dá cuid féin ag an Albain agus roinnt ollscoileanna tábhachtacha san áireamh, agus bhí córas dlí na tíre difriúil le córas dlí Shasana. Ach de réir mar a chuaigh an Eaglais i laige agus a d'athraigh cúrsaí polaitíochta, chuaigh tionchar Shasana i neart.⁴

Áitítear nach ar ghrá tíre ná ar chúrsaí cultúir atá náisiúnachas na hAlban bunaithe, ach gur náisiúnachas polaitiúil atá ann. Deirtear gur fada na hAlbannaigh níos claonta ar clé, níos tugtha do leas an phobail. Tá Sasana

² Féach tuairisc Michal Boleslav Měchura: <http://multikulti.wordpress.com/2013/04/30/linguistics-of-the-gaelic-languages-2013/#more-283>.

³ Nasar Meer, 'To fully embrace its minorities, Scotland's idea of itself will have to change,' *The Conversation*, 12 Meán Fómhair 2014: <http://theconversation.com/to-fully-embrace-its-minorities-scotlands-idea-of-itself-will-have-to-change-31644>.

⁴ Tá leagan den argóint seo le fáil in Cordélia Bonal, 'Les Ecosais ont toujours été plus à gauche que les Anglais' (agallamh leis an Dr Fiona Simpkins), *Libération*, 13/9/2014: http://www.liberation.fr/monde/2014/09/13/les-ecossais-ont-toujours-ete-plus-a-gauche-que-les-anglais_1098289?xtor=EPR-450206&utm_source=newsletter&utm_medium=email&utm_campaign=quot

dulta sa treo eile, agus tá drogall ar na hAlbannaigh roimh an gcoimeádachas agus roimh bheartas na déine. Is é an fhadhb mhór ceist na gcánacha, iad á mbailiú ag Londain agus á ndáileadh arís de réir socrú áirithe.

Agus fágann an méid sin ceist na Gàidhlig gan réiteach. Tá cosúlachtaí ann le cás na Gaeilge: an Ghaeltacht ag meath agus borradh ag teacht faoin teanga sna cathracha, cé go bhfuil daoine ann a deir gur féidir an Ghàidhlig a shábháil fós in Inse Ghall. Cé go raibh Gàidhlig á labhairt ar fud na hAlban fadó, ní raibh sí á labhairt ina dhiaidh sin ach in iarthar na tíre agus í ina comhartha ar phobal a bhí scoite amach ón gcuid eile den ríocht. In Éirinn bhí Gaeilge á labhairt sa chuid is mó den tír, fiú sna bailte móra, anuas go dtí an 19ú haois, rud a thug misneach do na hathbheochantóirí agus atá mar bhunús le hAirteagal 8 an Bhunreacht. Ach ceist chasta é siombalachas na Gaeilge in Éirinn, ceist a bhfuil an tseachtantacht agus an doiléire fite fuaite inti. In Albain is baolach go mbainfear tairbhe as an nGàidhlig mar a bhaintear taca as taisí cultúrtha eile, leithéidí an fhillidh bhig agus na píbe móire. I ndeireadh na dála is iad lucht na Gàidhlig féin a chaithfidh beocht nua a chur sa teanga agus tathag a chur sa tsiombail.



Trí léacht

Is fada uainn Éire, agus is trua leis *An Lúibín* nach féidir linn freastal ar sraith úr léachtaí de chuid 'Léann na hÉigse' in UCD (nó COD más fearr leat). Beidh gach léacht ar siúl Déardaoin ag 5 pm i Léachtlann Institiúid UCD don Léann Daonna (UCD Humanities Institute).

25 Meán Fómhair 2014

Máire Ní Annracháin, UCD
'Teanga an ghrá in amhráin na Gaeilge'

23 Deireadh Fómhair 2014

Triona Ní Shíocháin, Ollscoil Luimnigh
'An imirt, an bhéalaireacht agus an machnamh: stair na smaointeoireachta agus amhráin Mháire Bhuí'

20 Samhain 2014

Mícheál Ó Cróinín, Ollscoil Bhaile Átha Cliath
'Lig Sinn i gCothú? Éiceolaíocht Liteartha na Gaeilge'

An té atá in Éirinn nó a bheidh ag dul ann is féidir leis teagmháil a dhéanamh le Coiste Léann na hÉigse mar a leanas:

An tOllamh Máire Annracháin (maire.niannrachain@ucd.ie)
An Dr Caoimhín Mac Giolla Léith (caoimhin.macgiollaleith@ucd.ie)
An Dr Máirtín Coilféir (mairtin.coilfeir@ucd.ie)



Ócáid tiomsaithe airgid in Melbourne

Tá tráth na gceist le bheith ann Dé Domhnaigh 5 Deireadh Fómhair (3.00-5.30) chun airgead a thiomsú le haghaidh Bloomsday in Melbourne. An áit: pub Gaelach P.J. O'Brien ag Southbank in Melbourne.

Is é Brian Gillespie fear an tí. Tá duaiseanna iontacha le fáil ó na hurraitheoirí agus ó dhaoine flaithiúla eile (ar nós dearbhán \$200 do theach itheacháin an-mhaith) agus deirtear nach mbeidh an chraic go ndona.

Níl an áit rómhor agus moltar go gcuirfí bord in áirithe chomh luath agus is féidir. Cuir gloch ar Bob ag (03) 9898 2900 nó bain feidhm as <http://www.trybooking.com/FSRX>.

Na hIasaídigh⁵



Teampall an Dá Scór Fear sa chríoch Iasaídeach

Wikipedia Commons

Borradh an Stáit Ioslamaigh san Iaráic is mó a tharraing aird an Iarthair ar na hIasaídigh, pobal beag a bhfuil baint acu leis na Coirdínigh ach a bhfuil creideamh ar leith acu. Is maith le fir fhiáine an Stáit Ioslamaigh a chur ina leith gur eiricigh iad agus gurb iad muintir an diabhail iad. Ar éigean is gá a rá nach dtugann tuairimí baotha den saghas léargas mór ar an scéal. Ní mór a rá nach bhfuil bunús ceart stairiúil le cuid mhaith de na scéalta a insítear faoi na hIasaídigh.

Ní fios cá mhéad Iasaídeach atá ann: cúpla céad míle duine, b'fhéidir, nó suas le milliún. Coirdis an teanga is mó atá acu. Tá pobal mór sa Ghearmáin agus tá pobail eile i Meiriceá, sa Tuirc agus sa tSiria, ach tá a bhformhór ina gcónaí i dtuaisceart na hIaráice. Scaipeadh iad siúd nuair a ghabh an Stát Ioslamach Singéal (baile mór a raibh mórán Iasaídeach ina gcónaí ann) agus an ceantar ina thimpeall. Fillfidh siad más féidir, ó tá dlúthbhaint acu lena gcríoch féin.

Deirtear gurb é an Síc Adi ibn Musafir a bhunaigh an tIasaíteachas. Fuair sé bás sa bhliain 1162 agus síltear gurbh é an príomhaingeal Malak Taus i riocht daonna é. Creideann na hIasaítigh san athionchollú. Is minic a deirtear gur meascán de sheanchreidimh eile atá san Iasaídeachas – an Sóróstarachas, nósanna Measpatámacha, an Chríostaíocht, an Giúdachas agus an Súfachas. An dia Iasdan a chruthaigh an domhan. D'fhág sé cúram an domhain ar sheacht n-aingeal mhóra agus Malak Taus (Aingeal na Péacóige) i gceannas orthu, agus deirtear gur féidir leo dul i riocht duine. Adhraítear Malak Taus, aingeal a díbríodh as neamh (nó a tháinig anuas dá thoil féin) agus a chonaic a raibh d'olcas sa saol. Mhúch a chuid deor lasracha ifrinn agus d'fhill sé arís ar neamh. (In Araibis tugtar 'Sátan' air, rud is cúis le míthuiscint.) Ní chreideann na hIasaídigh sa Diabhal ná in ifreann, mar sin: deirtear gur daoine amháin is cionsiocair le donas an tsaol.

Guíonn siad ar maidin, um mheán lae agus um thráthnóna, cúig impí in aghaidh an lae agus a n-aghaidh ar an ngrian gach uair. Is é an Chéadaoin a lá naofa agus is é an Domhnach a lá sosa. Cuirtear na mairbh gan mhoill i dtuamaí coirceogacha agus a lámha trasna ar a chéile. Creideann siad gur de shliocht Ádhaimh amháin iad seachas de shliocht Éabha agus Ádhaimh araon.

Ní féidir le daoine eile iompú ina nIasaídigh. Tá córas sainaicmeach ag baint leis an Iasaídeachas, agus níl sé ceadmhach duine de shainaicme eile ná d'aon ghrúpa eitneach eile a phósadh. Luaitear cumas spioradálta leighis le sainaicmí áirithe.

Tá traidisiún láidir béil ag na hIasaídigh, ach maítear go bhfuil dhá leabhar naofa ann, Leabhar an Eolais agus an Leabhar Dubh. Caitheann scoláirí éigin amhras orthu mar fhiorthéacsanna Iasaídeacha, fiú má tá an t-eolas atá iontu réasúnta cruinn.

Tá Lailis, áit naofa na nIasaídeach, le fáil i ngleann i sléibhte an limistéir Choirdínigh. Tá scrínte le fáil ar fud Lailis agus spuaiceanna cuisleannacha orthu. Níl cead ach ag cúig dhuine is fiche cónaí go buan i Lailis ag am ar bith, agus ní foláir do gach Iasaídeach dul ar oilithreacht ann uair amháin ar a laghad. Tá dhá thobar naofa ann agus ní mór gach Iasaídeach a bhaisteadh i gceann amháin nó i gceann eile acu, fiú más gá teacht thar sáile

⁵ 'Yazidis' an Bhéarla.

chuige. Meashtar an t-uisce le cré ó Lailis chun liathróidí a dhéanamh a mbaintear feidhm dheasgnách astu i ngnóthaí pósta agus báis. (Cuirtear an meascán i súile, i gcluasa agus i mbéal an choirp.) Deirtear gur cóir do gach Iasaídeach cuid den chre a thabhairt leis mar chosaint. I Lailis atá scrín an tSíc Adi agus scaifeanna fágtha ag oilthrigh timpeall a chónra. Tá greimeanna curtha iontu mar chomhartha ar phaidreacha, agus creidtear go bhfaighidh tú breith do bhéil féin má scaoileann oilithreach eile an greim a chuir tú féin.

Faoi láthair tá Iasaídigh óga á dtraenáil mar shaighdiúirí sa chuid Choirdíneach den tSiria chun cur i gcoinne an Stáit Ioslamaigh. Tá siad ag foghlaim conas raidhfíilí Kalashnikov, raidhfíilí snípeireachta agus granáidí a úsáid. Déantar an traenáil seo faoi choimirce Pháirtí na hAontachta Daonlathaí, an páirtí Coirdíneach is mó sa tSiria. Iasaídigh ón Iaráic is mó atá i gceist ach tá cuid eile ag teacht cuid eile thar sáile anall.

Tá pictiúir shuimiúla le fáil anseo: <http://news.nationalgeographic.com/news/2014/09/140902-yazidis-iraq-kurdistan-lalish-sheikh-adi-islamic-state/>.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au .

Leaganacha simplithe

An Albain , an Ghàidhlig agus nádúr an neamhspleáchais

Tá reifreann an neamhspleáchais⁶ thart in Albain. Ach tá tábhacht le comharthaí náisiúnta fós. Tá tábhacht, mar sin, le Gaeilge na hAlban (an Ghàidhlig). Níl sí á labhairt ag mórán daoine, ach tá an rialtas ag iarraidh í a chur chun cinn. Deirtear go bhfuil níos mó daoine ag labhairt Urdúise⁷ agus Púinseáibise⁸ san Albain ná mar atá ag labhairt Gàidhlig. Ach ní admhaíonn an aicme pholaitiúil gur teangacha náisiúnta iad.

Ní raibh na Albannaigh gan neamhspleáchais éigin riamh. Cuireadh an déabhlóid⁹ ar bun sa bhliain 1999. Roimhe sin bhí a n-eaglais féin acu (an Eaglais Phreisbitéireach), bhí a gcuid scoileanna féin acu agus bhí a gcóras dlí difriúil le córas dlí Shasana. Ach chuaigh an Eaglais i laige agus d'athraigh cúrsaí polaitíochta. Ansin d'éirigh tionchar Shasana níos láidre.

Deir a lán daoine nach ar ghrá tíre ná ar chúrsaí cultúir atá náisiúnachas na hAlban bunaithe. Deir siad gur náisiúnachas polaitiúil atá ann. Tá na hAlbannaigh níos claonta ar clé,¹⁰ ach tá rialtas Shasana níos coimeádaí. Tá na cánacha á mbailiú ag Londain agus á ndáileadh arís de réir socrú áirithe.

Fágann an méid sin ceist na Gàidhlig gan réiteach. Bhíodh sí á labhairt ar fud na hAlban fadó, ach ina dhiaidh sin ní raibh sí á labhairt ach in iarthar na tíre. In Éirinn bhí Gaeilge á labhairt sa chuid is mó den tír anuas go dtí an naoú haois déag. Caithfidh lucht na Gàidhlig féin beocht nua a chur sa teanga in áit í a fhágáil mar shiombail amháin.

Na hIasaídh (Yazidis)

Níor thug an domhan aird ar na hIasaídh go dí le déanaí. Tá siad á n-ionsaí ag an Stát Ioslamach, grúpa bunúsaithe¹¹ Ioslamacha a deir go n-adhraíonn¹² na hIasaídh an Diabhal. Níl bunús firinne leis sin.¹³ Ach pobal ar leith is ea na hIasaídh, agus uaireanta insítear scéalta aisteacha fúthu.

Tá críoch na nIasaídeach i dtuaisceart na hIaráice, cé go bhfuil mórán acu ina gcónaí i dtíortha eile. Coirdis¹⁴ an teanga is mó atá acu.

Creideann siad gurb é n dia lasdan a chruthaigh an domhan. D'fhág sé cúram an domhain ar sheacht n-aingeal mhóra. Tá Malak Taus (Aingeal na Péacóige) i gceannas orthu. In Araibis tugtar 'Sátan' ar Malak Taus, ach ní hé an Diabhal é. Ní chreideann na hIasaídh sa Diabhal ná in ifreann. Deir siad gur daoine amháin is cúis le donas an tsaoil.

Ní féidir le daoine eile iompú ina nIasaídh¹⁵ agus níl cead ag na hIasaídh daoine ó ghrúpaí a phósadh. Tá córas sainaicmeach¹⁶ ag baint leis an Iasaídeachas, agus deirtear go bhfuil cumas leighis ag cuid de na sainaicmí sin. Guíonn siad ar maidin, um mheán lae agus um thráthnóna. Is é an Chéadaoin a lá naofa agus is é an Domhnach a lá sosa. Cuirtear na mairbh i dtuamaí coirceogacha.

Tá Lailis, áit naofa na nIasaídeach, le fáil i sléibhte an limistéir Choirínigh.¹⁷ Caithfidh gach Iasaídeach dul ar oilithreacht go dtí Lailis uair amháin ar a laghad. Tá tuama an tSíc¹⁸ Adi (bunaitheoir an chreidimh) i Lailis.

⁶ Neamhspleáchais: neamhspleáchas - independence

⁷ Urdúis - Urdu

⁸ Púinseáibis - Punjabi

⁹ Déabhlóid - devolution

¹⁰ Níos claonta ar clé – more inclined to the left

¹¹ Bunúsaithe - fundamentalists

¹² Adhraíonn: adhair - worship

¹³ Níl bunús firinne leis sin – it has no basis in truth.

¹⁴ Coirdis - Kurdish

¹⁵ Iompú ina nIasaídh – convert to being Yazidis

¹⁶ Córas sainaicmeach – caste system

¹⁷ Choirínigh: Coirdíneach - Kurdish

¹⁸ Síc - Sheikh

Faoi láthair tá saighdiúiri Iasaideacha á dtraenáil ag fórsaí Coirdineacha sa tSiria chun a gcúroch féin a chosaint ar an Stát Ioslamach.